

An Mháirt – Muintearas



POBAIL INA MBÍONN ...

CREIDEAMH

FOGHLAIM

GRÁ

TEACHT ANIAR

DÓCHAS



An Mháirt – Muintearas

26 Eanáir 2021

Intinn

An tuiscint atá againn maidir leis an bhfocal ‘muintearas’ a mheas, agus an tionchar a bhí ag COVID-19 air a scrúdú.

Critéir Ratha

- Mínigh an focal ‘muintearas’.
- Cad iad na bealaí inar tháinig athrú ar an tuiscint a bhí againn maidir le ‘muintearas’ ó thús na géarchéime COVID-19.
- Scrúdaigh na gnéithe a bhaineann leis an ‘muintearas’ Éireannach.
- Conas mar a rinneamar teagmháil le baill an phobail i rith na dianghlasála?
- Cad iad na dúshláin a cuireadh roimh na seanóirí i rith na dianghlasála?
- Scrúdaigh an méadú i lucht féachana na seirbhísí eaglasta ar RTÉ.
- Cad iad na bealaí ina ndearna an pobal Caitliceach déileáil le srianta COVID-19 ionas go bhféadfaí tacú le baill an phobail a bhí faoi bhrón?

Gníomhaíocht 1

Eochairfhocal	Tabhair sampla amháin de gach eochairfhocal...
Pobal	Is ball mé de phobal na scoile (ainm)
Comhleas	
Nascacht	
Luachanna	
Custaiméirí	
Céannacht	
Creideamh	
Creideamh Reiligiúnach	
Paindéim Dhomhanda	






Machnamh 1

Bí ag smaoineamh ar feadh nóiméid faoin bpobal ina mhaireann tú.

Cad iad na pobail ina mhaireann tú nach féidir leo feidhmiú mar is gnách de bharr COVID-19.

Cad iad na difríochtaí?



Machnamh 2

Ainmnigh cuid rudaí a rinne tú i rith na dianghlasála le bheith i dteagmháil le baill na bpobal.

Ainmnigh cuid rudaí a rinne tú i rith na dianghlasála le deimhin a dhéanamh de gur coimeádadh daoine eile i dteagmháil leis na pobail sin.



Gníomhaíocht 2

Breatnaigh: Dialann na Dianghlasála: <https://youtu.be/zsoTyw3TMVg>


Cad iad na dúshláin a cuireadh roimh na seanóirí i rith na dianghlasála?

Cén comhartha dóchais a luaitear san fhíseán?

Cén ról a bhí ag an dialann i saol na seanóirí a ghlac páirt i dtionscadal dialainne COVID-19?

Gníomhaíocht 3

Cruthaigh méim/frása a thugann teachtaireacht don phobal Éireannach i rith na paidéime domhanda seo.





Tasc Uimhearthachta

Más rud é gur bhreathnaigh 60,000 duine ar Aifreann Lá 'le Pádraig sa bhliain 2019, agus 142,000 duine ar Aifreann Lá 'le Pádraig 2020, cad é an céatadán d'ardú a tharla i 2020?

De ghnáth, breathnaíonn 30,000 duine ar Aifreann an Domhnaigh ar RTÉ. Cé mhéad duine a bhreathnaigh ar an Aifreann sin ar an gcéad Domhnach den dianghlasáil agus na séipéil dúnta de bharr COVID-19?

Gníomhaíocht 4

Cén tábhacht a bhaineann leis na gníomhartha seo i measc phobal an chreidimh?

Tasc Taighde – Obair Shínithe

Déan taighde maidir leis na bealaí ina ndearna an eaglais áitiúil teagmháil agus caidreamh leis na baill i rith na géarchéime COVID-19.

Luaigh na fáthanna le go mbainfeadh tábhacht ar leith leis an gcaidreamh seo, ionas go ndéanfaí deimhin de go mothódh na baill gur chuid de phobal an chreidimh go fóill iad.

